Freagracht as an gcóras um Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Bhord Fiontar Contae Chill Mhantáin Teoranta, glacaim leis an bhfreagracht atá orainn a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialú inmheánach airgeadais.

Níl ar chumas an chórais ach forchinntiú réasúnta seachas forchinntiú iomlán a thabhairt, go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go ndéantar taifead ar aon idirbheart agus go mbíonn sé údaraithe, agus go dtugtar faoi deara nó go gcuirtear cosc ar aon mhíriltacht nó earráid ábhartha, laistigh de thréimhse réasúnta.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá an Bord tar éis céimeanna a ghlacadh a chinntíonn timpeallacht chuí rialaithe trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir; agus
- Nósanna imeachta foirmiúla a chur ar bhun chun tuairisc a dhéanamh ar aon mhórtithe rialaithe agus bearta cuí a chur i bhfeidhm lena ceartú.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí:

- Luach, fairsinge agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a bheadh i ndán don chomhlacht a mheas, lena n-áirítear fairsinge agus catagóir a cheapann sé a bheith inghlactha;
- An dóchúlacht go dtarlódh rioscaí aitheanta a mheas; agus
- An eagraíocht a mheas i ndáil lena cumas bainistithe agus maolaithe ar na rioscaí a tharlaíonn;

Tá an córas rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat a chuimsíonn faisnéis rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. San áireamh go háirithe tá:

- Córas buiséid cuimsitheach a bhfuil buiséad bliantúil aige ar a ndéanann an Bord athbhreithniú agus a gcomhaontaíonn siad leis;
- Athbhreithnithe a dhéanann an Bord ar thuarascálacha airgeadais bliantúla; agus
- Nósanna imeachta foirmiúla chun luach tionscadal a mheas.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Bord Fiontar Contae Chill Mhantáin a oibríonn de réir na gcaighdeán atá sonraithe in imlitir 13/92 ón Roinn Airgeadais. Tá obair an iniúchta inmheánaigh múnlaith ag anailís ar an riosca don chomhlacht agus ag pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla atá bunaithe ar an anailís sin. Déanann an Bord Stiúrthóirí formhuiniú agus faomhadh ar an anailís ar riosca agus ar na pleananna iniúchta inmheánaigh. Ar bhonn bliantúil, ar a laghad, tugann an t-iniúcháir inmheánach tuairisc ar ghníomhaíocht an iniúchta inmheánaigh don bhord. Beidh moltaí an Iniúcháir Inmheánaigh sa tuarascáil sin, maidir le leorgacht agus éifeacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar leanúint)

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chóras rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair an iniúcháir inmheánaigh, ar na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Bhord Fiontar Contae Chill Mhantáin Teoranta a bhfuil freagracht acu as creat oibre rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothú, agus ar ráitis a dhéanann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó in aon tuairisc eile.

Bhain Bord Fiontar Contae Chill Mhantáin úsáid as seirbhísí Chuntasóirí Cairte Crowley's DFK chun seirbhísí iniúchta inmheánaigh a sholáthar dóibh.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú

Dearbhaím, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012, go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chóras rialú inmheánach airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Eddie Sheehy
Cathaoirleach

Dáta: 13/09/2013

7

BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil isteach leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012.

Cúlra

Bhunaigh an rialtas Bord Fiontar Contae Chill Mhantáin i Meán Fómhair na bliana 1993 agus é mar chuid de líonra 35 bord fiontar contae agus cathrach. Bunaíodh an Bord chun acmhainneacht eacnamaíoch a fhorbairt, gníomhaíocht ghnó a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh fiontraíochta i gContae Chill Mhantáin. Áirítear i sainchúram an Bhoird acmhainneacht dhúchasach a fhorbairt agus gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh ar an leibhéal áitiúil, go príomha trí chúnamh airgeadais, oiliúint ghnó agus tacaíochtaí meantóireachta a sholáthar ar mhaithe le fiontair bheaga agus micrifhiontair a fhorbairt.

Leagtar amach i mBeart Micreafhiontar Chlár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir 2007 – 2013 raon na mbeart trína gcomhlíonfar cuspóirí an fho-chláir.

Fobheart Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais

Fobheart Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

Tuairisc ar an bhFobheart le haghaidh Chúnamh Roghnaíoch Airgeadais

Ba é €360,634 an leithdháileadh d'airgead tirim a d'fhaomh an Roinn Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta faoi Fhobheart 1 le haghaidh 2012.

Seo a leanas achoimre ar na híocaíochtaí a rinneadh in 2012 :

	€	
Deontais um Leathnú Gnó	180,406	
Deontais Phrímeála	153,148	
Deontais le haghaidh Staidéar Féidearthachta	14,938	
	<hr/>	
Íocaíochtaí Iomlána	348,492	
	=====	

D'fhaomh an Bord cabhair deontais a thabhairt do 37 tionscadal faoin bhFobheart mar seo a leanas:

Cineál Cúnaimh	Líon Tionscadal	Líon a Faomhadh
Deontas le haghaidh Staidéar Féidearthachta	10	€ 76,110
Deontas Prímeála	10	€245,020
Deontas um Leathnú Gnó	17	€302,058
Iomlán		€623,188



BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

B'ionann na ceangaltais deontais a tugadh ar aghaidh ó 2012 go 2013 agus €159,574. Bhí €102,663 de sin ina gceangaltais a bhí le hóc ó Bheart 1, méid a thiteann faoin teorainn a leag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta amach. Tá ceangaltais a tugadh ar aghaidh ó €56,911 le hóc ó chuntas cúnaimh inaisíochta.

Cuntas Cúnaimh Inaisíochta

Níor íocadh aon deontas ón gcuntas seo. Rinneadh aisíocaíocht €1,340 le cliaint a d'íoc níos mó ná an méid cúnaimh inaisíochta a bhí dlite. Ba é €248,320 iarmhéid an chuntais ar 31 Nollaig 2012.

Tuairisc ar an bhFobheart le haghaidh Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

Clár Forbartha Bainistíochta

Clár Forbartha Bainistíochta d'Úinéirí ar Bainisteoirí Iad

Maireann an clár seo 6 mhí agus díríonn sé ar scileanna bainistíochta a fhorbairt le haghaidh úinéirí ar bainisteoirí iad ar fhiontair i gContae Chill Mhantáin atá i mbun gnó le dhá bhliain anuas ar a laghad. Is í Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach a chreidiúnaíonn an clár. Bhí 22 úinéir ar bainisteoirí gnólachtaí beaga iad páirteach i gclár na bliana 2011-2012.

I mí Dheireadh Fómhair 2012, thosaigh 22 úinéir ar bainisteoirí gnólachtaí i gContae Chill Mhantáin iad ag dul i mbun chlár na bliana 2012-2013.

Oiliúint

Cúrsaí 'Tosaigh do Ghnó Féin'

D'eagraigh an Bord seacht gcúrsa dar teideal 'Tosaigh do Ghnó Féin' in áiteanna éagsúla sa chontae in 2012. San iomlán, ghlac 111 fiontraí ionchasacha páirt sna cúrsaí seo.

Reáchtáil an Bord sé cheardlann in 2012 dar teideal 'Ag Fiosrú do Smaoineamh Gnó' inar ghlac 58 duine páirt.

Seimineáir Ghnó

Reáchtáil an Bord ceithre sheimineár i mbliana. Ceaptar ábhar na seimineár le bheith tráthúil agus bainteach agus le díriú ar na treochotha is déanaí i gcúrsaí gnó agus teicneolaíochta. D'fhreastail 338 duine ar na himeachtaí seo.

Cúrsaí Oiliúna do Ghnólachtaí Beaga

D'eagraigh an Bord ocht gclár oiliúna ar réimse ábhair gnó. Ghlac 106 úinéir ar bainisteoirí iad ar fhiontair bheaga agus ar mhicrifhiontair sa chontae páirt sna cúrsaí seo.

Tacaíocht sa Teicneolaíocht Faisnéise

D'eagraigh an Bord trí chúrsa gnó dhéag ar TFC. Ghlac 133 duine ó fhiontair bheaga agus mhicreafhiontair páirt sna cúrsaí.

7.01



BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

Meantóireacht & Comhairle Ghnó

Meantóirí/Comhairleoirí Gnó

Ceapadh meantóirí chuig 41 duine/gnólacht in 2012.

Seisiúin Chomhairliúcháin Duine le Duine

Reáchtáil an Bord 433 seisiún comhairliúcháin ghnó ar bhonn duine le duine 2012.

Oideachas Fiontraíochta

Clár Fiontraíochta Scoile

Is é an aidhm atá leis an gClár Fiontraíochta Scoile deis a thabhairt do dhaltaí dara leibhéal Chontae Chill Mhantáin fíorthaithí a fháil ar ghnólacht beag a oibriú. Ceardlanna ar ghiniúint smaointe a chuireann tús leis an gclár i ngach scoil, rud a dtugtar an clár 'Kick Start' air, agus tugtar tuilleadh cuairteanna ar na scoileanna ina dhiaidh sin agus déantar cur i láthair iontu. Ghlac seacht mbunscoil déag de chuid an chontae páirt sa chlár, taithí a chuaigh chun tairbhe beagnach 800 dalta idirbhliana. Is é buaicphointe an chláir craobhchomórtas an chontae do mhionchuideachtaí scoile. I mí an Mhárta 2012 ba í Ciara Whooley, ó Mheánscoil Dháibhí sna Clocha Liath, a bhuaigh an chraobh lena mionchuideacht Irish Baubles. Uaidh sin, chuaigh Irish Baubles san iomaíocht sna Dámhachtainí Náisiúnta Fiontair Mac Léinn i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, áit ar bhuaigh sé an phríomhdhuais.

Cur Chun Cinn Fiontraíochta

Fiosrúcháin Ghnó

Dhéileáil an Bord le 808 fiosrúchán gnó (an chéad teagmháil) san iomlán in 2012.

Eile

Líonra Gnó Chontae Chill Mhantáin

Chuaigh Bord Fiontar Contae Chill Mhantáin i gcomhar leis na Comhlachais Tráchtála in 2011 chun Líonra Gnó Chontae Chill Mhantáin a sheoladh. Is fóram é an líonra atá ceaptha d'úinéirí ar bainisteoirí gnólachtaí beaga iad atá suite i gContae Chill Mhantáin, inar féidir leo bualadh le chéile chun ceisteanna gnó a phlé, smaointe agus eolas a mhalartú agus a ngnólachtaí a chur chun cinn. Tháinig an líonra le chéile cúig uaire in 2012 agus d'fhreastail 31 duine, ar an meán, ar gach cruinniú.

An Líonra Fiontraithe Mná

An phríomhaidhm atá leis an tionscnamh 'Mná i Saol an Ghnó' ná líonra a chruthú a thugann deis do mhná gnó Chontae Chill Mhantáin a dtaithí ghnó a roinnt lena chéile. Chomh maith leis sin, cuireann an líonra clár leanúnach gníomhaíochtaí ar fáil a bhaineann le cúrsaí gnó agus scileanna fiontraíochta. Reáchtáil an líonra sé chruinniú in 2012 agus d'fhreastail 41 ball, ar an meán, ar gach cruinniú. Tá an líonra ar oscailt do mhná ar úinéirí agus bainisteoirí iad ar fhiontair bheaga nó ar mhicrifhiontair i gContae Chill Mhantáin.



BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

Tacaíocht Cúnaimh Theicniúil

In 2012, d'fhéach an scéim Tacaíochtaí Cúnaimh Theicniúil le spreagadh a thabhairt do chuideachtaí próisis nuálacha a ghlacadh a chuirfeadh feabhas ar a dtáirgiúlacht agus a n-iomaíochas agus a mhéadódh an brabús a bheadh acu. Leithdháil an Bord €22,696 de chúnamh teicniúil ar 20 cuideachta le linn na bliana.

An Bord Stiúrthóirí

Ba iad seo a leanas baill an Bhoird ar 31 Nollaig 2012:

An tUas. E Sheehy, Cathaoirleach
An tUas. T Gregan
An tUas. J O'Brien
Ms. C Whelan
An tUas. M Savage
An tUas. B T Newsome
An tUas. B Birmingham-Roberts
An tUas. H Alexander
An Clr. P Doran
Ms. A McLoughlin
An Clr. P Casey
An Clr. C Kavanagh
An Clr. T Fortune
An Clr. M Glynn

Athruithe ar Bhallraíocht an Bhoird le linn 2012

I mí an Mhárta 2012, tháinig Ms. Clodagh Whelan in áit an Uasail Paschal Maguire mar ionadaí ó Fhiontraíocht Éireann ar an mBord.

Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Níor tharla aon ní a raibh suntas ag baint leis ó dheireadh na bliana airgeadais a chuir nó a chuirfeadh isteach ar oibríochtaí na cuideachta, ar thorthaí na n-oibríochtaí nó ar staid chúrsaí na cuideachta, i ndiaidh na bliana airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2012.

An Coiste Iniúcháireachta

Thionóil an coiste iniúcháireachta cúig chruinniú i mbliana.

Iniúcháir

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar an gcuideachta de réir Airteagal Comhlachais na Cuideachta agus Alt 5 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

7.02

BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá sé mar chúram ar na stiúrthóirí an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí na hÉireann mar is cuí, agus de réir an chleachtais cuntasáíochta a nglactar go coitianta leis in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasáíochta a eisiúnn Bord na gCaighdeán Cuntasáíochta.

Cuireann dlí na gcuideachtaí in Éirinn iallach ar stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliain airgeadais agus caithfidh na ráitis sin cúrsaí na cuideachta agus barrachas nó easnamh na cuideachta sa bhliain sin a chur in iúl go fírinneach agus go cothrom. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá sé de cheangal ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin murar cuí glacadh leis go leanfaidh an gnó ag feidhmiú.

Tá freagracht ar na stiúrthóirí taifid chuntasáíochta chuí a choimeád a nochtann, ar bhealach chomh cruinn agus is féidir i gcónaí, suíomh na cuideachta ó thaobh airgid de agus a chuireann ar a gcumas na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar go coitianta leo in Éirinn agus de réir reacht na hÉireann, mar atá, Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaíocht nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Leabhair Chuntas

Is iad na bearta a ghlac na stiúrthóirí chun a chinntiú gur cloíodh le riachtanais Alt 202, Acht na gCuideachtaí, 1990, i ndáil le leabhair chuntas chuí a choinneáil ná beartais agus nósanna imeachta cuí a chur i bhfeidhm chun idirbhearta a thairgeadh, pearsanra cuntasáíochta inniúil a bhfuil saintaithí iomchuí acu a fhostú agus acmhainní imleora a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear leabhair chuntas in oifig chláraithe na cuideachta.

Nuair a bheidh pearsanra cuntasáíochta á bhfostú, measfaidh na stiúrthóirí an bhfuil na cáilíochtaí seo a leanas acu nó nach bhfuil:


- go bhfuil siad cáilithe go cuí;
- go bhfuil an t-eolas agus an saintaithí riachtanach acu le tuiscint a fháil ar an ngnó agus ar an gcaoi a dtéann a chúinsí ar leith i bhfeidhm ar na leabhair chuntas;
- go mbeidh siad in ann staid airgeadais agus torthaí na cuideachta a fháil amach i gcónaí agus gan deacracht mhíchuí.

Sínithe:


Thar ceann an Bhoird



Eddie Sheehy
Cathaoirleach



Mary Savage
Stiúrthóir



Sheelagh Daly
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 13/09/13

BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA (CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL) TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012



Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil atá le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bord Fiontar Contae Chill Mhantáin Teoranta

Faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Fiontar Contae Chill Mhantáin Teoranta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasáiochta atá leagtha amach iontu, an Ráiteas um Polasaithe Cuntasáiochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus nótaí a bhaineann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadas san fhoirm a forordaíodh faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012, agus de réir an chleachtas chuntasáiochta a bhfuil glacadh ginearálta leis in Éirinn.

Freagrachtaí na Stiúirthóirí

Is ar na Stiúirthóirí atá an fhreagracht na ráitis airgeadais a ullmhú, a chinntiú go léiríonn siad radharc fírinneach agus cothrom ar staid chúrsaí an chomhlachta agus ar a ioncam agus caiteachas, agus rialtacht idirbheartanna a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is omsa atá an fhreagracht na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh le tagairt don léirmhíniú speisialta a bhaineann le comhlachtaí stáit maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú.

Déantar an t-iniúchadh agamsa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire) agus i gcomhlíonadh leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí ag an mBord um Chleachtas Iniúchóireachta.

Raon Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard is iniúchadh ann ná fianaise a fháil ar na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, atá dóthanach chun deimhniú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sé sin de dheasca calaoise nó botúin. Áirítear anseo measúnú ar na gnéithe seo a leanas:

- an bhfuil na beartais chuntasáiochta in oiriúint do chúinsí na cuideachta, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus le nochtadh dóthanach
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáiochta a rinneadh nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Le linn iniúchta, féachaim freisin chun fianaise a fháil maidir le rialtacht idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil an Bhoird chun mírialtachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréireacht ábhartha faoi deara, déanaim machnamh ar na himpleachtaí le haghaidh mo thuarascála.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse, maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fírinneach agus cothrom, de réir an Chleachtas Chuntasáiochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na cuideachta ar an 31 Nollaig 2011 agus ar ioncam agus caiteachas na cuideachta don bhliain 2012; agus
- gur ullmhaíodh iad go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2012.

Fuair mé an t-eolas agus na míniúcháin uile ar cheap mé a bheith riachtanach chun críche an iniúchta agam. Is é mo thuairim gur choinnigh an chuideachta leabhair chearta chuntais. Tá na ráitis airgeadais agus na leabhair chuntas ag réiteach lena chéile.

I mo thuairimse, tá an t-eolas a thugtar i dTuarascáil na Stiúirthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.

Gan coinníoll a chur le mo thuairim, dírim aird ar an bPolasaí Cuntasáiochta maidir le pinsin, a mhíníonn cén fáth nár feidhmíodh forálacha Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 17.


Cúrsaí ar a Thuairiscím de réir Eisceachta

Tuairiscím de réir eisceachta:

- sa chás gur tháinig an t-iniúchadh agamsa ar aon ásc ábhartha nár cuireadh airgead i leith na bhfeidhmeanna a ceapadh nó sa chás ná raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí dá rialú, nó
- sa chás nach bhfuil an t-eolas a tugadh sa tuarascáil bhliantúil comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais bhainteacha, nó
- sa chás nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais cloí na cuideachta leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- sa chás go n-aimsím go bhfuil ábhair bhainteacha eile a bhaineann leis an gcaoi ina ndearnadh gnó poiblí.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam i leith na nithe sin ar a ndéantar tuairisciú de réir eisceachta.

Patricia Sheehan
Ar son agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
30 Meán Fómhair 2013



BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

1. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ag baint úsáide as an modh fabhráithe cuntasaíochta agus de réir phrionsabal cuntasaíochta a nglactar go coitianta leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann forais chuntasaíochta aitheanta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm. Tá na figiúir curtha i láthair in euro.

9. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear costas stairiúil nó measta na sócmhainní seasta, lúide aon dímheas a carnadh.

Cuirtear dímheas de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir méid chothroim ag na rátaí a leagtar amach thíos, sa chaoi go ndéanfar na sócmhainní, a coigeartaíodh go dtí a luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar thréimhse a n-ionchais úsáideachta.

Trealamh oifige	20%
Troscán oifige	12.5%

10. Deontais Oireachtais

Déantar cuntasaíocht ar dheontais Oireachtais ar bhonn fabhráithe. Cuireann Fiontraíocht Éireann deontais Oireachtais ar fáil thar ceann an Aire Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta.

11. Deontais Iníochta

Fabhraítear deontais sna ráitis airgeadais nuair a chomhlíonann na deontaithe na coinníollacha faoi mar a leagadh amach iad.

12. Cuntas Caipitil

Is é atá sa chuntas caipitil luach ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

13. Aisíocaíochtaí ar Chúnamh Inaisíochta/Ioncam Iarchurtha

Is mar ioncam a aithnítear aisíocaíochtaí ar chúnamh in-aisíochta nuair a chuirtear i bhfeidhm iad mar chúnamh airgeadais le fiontair eile. Is ionann ioncam iarchurtha agus cúnamh inaisíochta a fuarthas ó fhiontair ar cuidíodh leo, ach cúnamh nár cuireadh i bhfeidhm go fóill ar an mbealach sin.



BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

7. Aoisliúntas

Foráiltear le hAlt 10 (4)(g) den Acht um Fhorbairt Tionscail 1995 gur féidir le Boird Fiontar Contae a leithéid de phearsanra a fhostú (lena n-áirítear príomhoifigeach feidhmiúcháin) ar bhealach agus faoi théarmaí a cheadaíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a mheasann an Bord a bheith inmhianaithe nó riachtanach chun a gcuspóirí a chur ar aghaidh.

D'fhaomh an tAire Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go dtabharfaí isteach scéimeanna aoisliúntais don Bhord agus scéimeanna gaolmhara aoisliúntais do chéilí agus do leanaí. Tugadh scéimeanna aoisliúntais do bhaill an Bhoird isteach in 2008 agus, go dtí go bhfaomhfaí go foirmiúil iad, tá an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tar éis údarás a thabhairt don Bhord na scéimeanna a fheidhmiú ar bhonn riaracháin, bunaithe ar an Scéim Eiseamláireach Aoisliúntais do Státseirbhísigh. Oibríonn na scéimeanna ar bhonn "íoctar mar a úsáidtear" - ní mhaoinítear na sochair roimh ré trí ranníocaíochtaí a dhéanamh le ciste ar leith faoi rialú iontaobhaithe.

Íoctar ranníocaíochtaí na bhfostaithe le Fiontraíocht Éireann agus leis an Roinn Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta. Cuireann an Roinn Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta cistí ar fáil don Bhord, trí Fhiontraíocht Éireann, chun na costais sochair a ghlanadh de réir mar a bhíonn siad dlite.

Tá an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ag déanamh machnamh faoi láthair ar an seans go n-athrófaí struchtúr na scéimeanna le go mbeadh scéim amháin ann a chuimseodh na Boird Fiontar Contae go léir.

Ós rud é go bhfuil an Bord ag feitheamh le réiteach na n-éiginnteachtaí seo maidir leis na scéimeanna, níor chuir sé na forálacha FRS17 a bhaineann le nochtadh scéime le sochar sainithe i bhfeidhm go fóill.

BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG



Ioncam	Nótaí	2012	2011
		€	€
Deontais Oireachtais	1	964,941	1,055,307
Táillí Cúrsa		37,376	32,433
Aisíocaíochtaí ar Chúnamh Inaisíoctha		-	14,708
An Coiste um Chur Chun Cinn Fiontraíochta	5	47,300	-
		<hr/>	<hr/>
		1,049,617	1,102,448
Aistriú (ón)/go dtí an Cuntas Caipitil	8	3,631	(1,500)
		<hr/>	<hr/>
		1,053,248	1,100,948
		<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
Caiteachas			
Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais	2	348,492	380,507
Fiontraíoch agus Inniúlacht Forbairt	4	263,221	328,640
Riarachán	6	394,235	391,801
An Coiste um Chur Chun Cinn Fiontraíochta	5	47,300	-
		<hr/>	<hr/>
		1,053,248	1,100,948
		<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
Barrachas/(Easnamh) na Bliana		-	-
		<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

1. Ní raibh gnóthachain ná cailteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais seo ná sa bhliain airgeadais roimh ré seachas iadsan ar déileáladh leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais; agus

2. Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 18.

Thar ceann an Bhoird

Eddie Sheehy
Cathaoirleach

Mary Savage
Stiúrthóir

Sheelagh Daly
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 13/09/13

BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
CLÁR COMHARDAITHE
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012



	Nótaí	2012 €	2011 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	7	10,515	14,146
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe		14,277	20,935
Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh		397,648	235,177
An Coiste um Chur Chun Cinn Fiontraíochta	5	68,691	-
		<u>480,616</u>	<u>256,112</u>
Dliteanais Reatha			
Deontais Oireachtais faighte roimh ré		135,842	116,905
Ioncam Iarchurtha		248,320	111,988
Creidiúnaithe agus Fabhruithe		27,763	27,219
An Coiste um Chur Chun Cinn Fiontraíochta	5	68,691	-
		<u>480,616</u>	<u>256,112</u>
Glansócmhainní Reatha			
		-	-
Glansócmhainní			
		<u>10,515</u>	<u>14,146</u>
Maoinithe ag:			
Cuntas Caipítíl	8	10,515	14,146
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		-	-
		<u>10,515</u>	<u>14,146</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 18.

Thar ceann an Bhoird

Eddie Sheehy
Cathaoirleach

Mary Savage
Stiúrthóir

Sheelagh Daly
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 13/09/13



**BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

2. Maoiniú agus Caiteachas an Bhoird

Deontais Oireachtais

Foráiltear le hAlt 10 (2) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1995, gur féidir leis an Aire Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta deontais a íoc leis an mBord. Faoi Ionstraim Reachtuil Uimh. 655 de 2006, íocann Fiontraíocht Éireann deontais thar ceann an Aire. Cuirtear caiteachas an Bhoird i bhfeidhm ar bhearta faoin bhFochlár Fiontraíochta Áitiúla, an Tosaíocht Nuálaíochta agus Gheilleagar Faisnéise de chuid Chlár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir, 2007-2013.

Seo a leanas na bearta:

Beart 1 - Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais

Beart 2 - Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

2. Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais - Deontais

Tairgeann an Bord cúnamh deontais agus, má ghlactar leis, fanann sé ina ghealltanais bailí ag an mBord ar feadh tréimhse sonraithe nó de réir na gcúinsí a sonraíodh nuair a faomhadh é.

Chuir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta €360,634 de mhaoiniú ar fáil chun Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais a íoc in 2012.

Seo a leanas mar a tháinig na gealltanais a bhí fós le híoc ag an mBord ar 31 Nollaig 2012 chun cinn:



BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

	Deontais 2012 €	Inaisíochta Cúnamh Deontais 2012 €	Tosaíocht Scaireanna 2012 €	Iomlán 2012 €
Gealltanais ar 1 Eanáir	50,604	38,750	-	89,354
Faofa	349,983	273,205	-	623,188
	<u>400,587</u>	<u>311,955</u>	-	<u>712,542</u>
Tarraingthe Siar				
- Faofa roimh 2012	(29,260)	(17,406)	-	(46,666)
- Faofa in 2012	(86,616)	(71,194)	-	(157,810)
	<u>284,711</u>	<u>223,355</u>	-	<u>508,066</u>
Caiteachas	(182,048)	(166,444)	-	(348,492)
Gealltanais ar 31 Nollaig	<u>102,663</u>	<u>56,911</u>	-	<u>159,574</u>

San áireamh sa €348,492 de chaiteachas tá: deontais féidearthachta: €14,938; scaireanna tosaíochta: € Nialas; deontais prímeála: €153,148; agus deontais um leathnú gnó: €180,406.

Mar seo a leanas a rinneadh na gealltanais a bhí fós le híoc ar 31 Nollaig 2012:

	€
Roimh 31 Nollaig 2011	-
Tar éis 1 Eanáir 2012	159,574
	<u>159,574</u>



BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

3 Cúnamh Inaisíochta

(a) Infheistíochtaí

Ba é €337,616 an méid a bhí infheistithe i scaireanna tosaíochta ar 31 Nollaig 2012. Ós rud é nach féidir a mheas go cruinn cén luach atá ar na scaireanna sin agus go mbraitheann siad ar fheidhmíocht na bhfiontar, ní dhéantar na scaireanna a chaipitliú ar an gclár comhardaithe. Cuirtear díbhinní, ús agus aisíocaíochtaí san áireamh ar bhonn airgid thirim. Féadfaidh an Bord Fiontar na fáлтаis sin a úsáid chun deontais bhreise a mhaoiniú.

Bhí na hinfeistíochtaí seo a leanas i seilbh an Bhoird ar 31 Nollaig 2012:

Ainm na Cuideachta	An Cineál Scaire	2012	2011
		€	€
Union 365 Ltd	Scaireanna Tosaíochta	4,166	4,166
Plurk Unlimited Ltd.	Scaireanna Tosaíochta	15,000	15,000
Onsalenow.ie Ltd.	Scaireanna Tosaíochta	15,000	15,000
CBIT Ltd.	Scaireanna Tosaíochta	50,000	50,000
McDivot Ltd.	Scaireanna Tosaíochta	75,000	75,000
MXI Ltd.	Scaireanna Tosaíochta	75,000	75,000
Language Connexions Ltd.	Scaireanna Tosaíochta	-	75,000
Function Systems Ltd.	Scaireanna Tosaíochta	32,500	32,500
Mayday Corporation Ltd.	Scaireanna Tosaíochta	70,950	70,950
		337,616	412,616
		337,616	412,616
		2012	2011
		€	€
Iarmhéid ar 1 Eanáir		412,616	457,616
Aisíochta le linn na bliana		(75,000)	-
Eisithe le linn na bliana		-	-
Díscríofa le linn na bliana		-	(45,000)
		337,616	412,616
		337,616	412,616

Déanann an Bord athbhreithniú ar infheistíochtaí agus, nuair a mheasann an Bord nach dócha go n-aisíocfar an infheistíocht, déanfaidh siad cinneadh an méid sin a dhíscríobh.

Rinne an Bord na méideanna seo a leanas a dhíscríobh:

Ainm na Cuideachta	An Cineál Scaire	2012	2011
		€	€
Retail Connection Ltd	Scaireanna tosaíochta	-	45,000
		-	45,000
		-	45,000



BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

(b) Cúnamh Deontais Inaisíochta

Ós rud é go mbraitheann an aisíocaíocht ar fheidhmíocht an fhiontair, ní chuirtear an méid gan íoc san áireamh mar shócmhainn ar an gclár comhardaithe. Déantar aisíocaíochtaí isteach a chur san áireamh ar bhonn airgid thirim. Ní fhéadfar aisíocaíochtaí ar chúnamh inaisíochta a úsáid ach amháin chun tuilleadh deontais a mhaoiniú faoi:
 Bheart 1.

	2012	2011
	€	€
Iarmhéid ar 1 Eanáir	614,121	544,267
Eisithe le linn na bliana	166,444	172,505
Aisíochta le linn na bliana (Nóta 3(c))	(61,333)	(64,988)
Díscríofa le linn na bliana	(1,750)	(37,663)
	<u>717,482</u>	<u>614,121</u>
	=====	=====
	€	€
Dlite laistigh de 12 mhí	127,843	115,700
Dlite tar éis 12 mhí	589,639	498,421
	<u>717,482</u>	<u>614,121</u>
	=====	=====

Déanann an Bord athbhreithniú ar iarmhéideanna dlite agus, nuair a mheasann an Bord nach dócha go n-aisíocfar iad, déanfaidh siad cinneadh an méid sin a dhíscríobh. Dhíscríobh an Bord €1,750 in 2012.

(c) Athchionroinnt ar Fháltais Cúnaimh Inaisíochta

	2012	2011
	€	€
Iarmhéid na bhFáltais Cúnaimh Inaisíochta amhail 1 Eanáir	111,988	61,708
Íocaíochtaí faoi Bheart 1 íochta roimh ré ó Ioncam Iarchurtha	-	(14,708)
	<u>111,988</u>	<u>47,000</u>
Fáltais ó Chúnamh Inaisíochta: Cúnamh Deontais Inaisíochta	61,333	64,988
Infheistíochtaí	75,000	-
Ús/Díbhinní	-	-
	<u>248,321</u>	<u>111,988</u>
	=====	=====
Iarmhéid na bhfáltais Cúnaimh Inaisíochta ar láimh amhail 31 Nollaig	248,321	111,988
	=====	=====



BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

4. Forbairt Fiontraíochta & Inniúlachta	2012	2011
	€	€
An Clár Forbartha Bainistíochta	37,978	38,198
Oiliúint	69,220	89,484
Meantóireacht	40,068	57,380
Oideachas Fiontraíochta	32,341	26,781
Cur Chun Cinn Fiontraíochta	2,030	2,350
Eile	81,584	114,447
	<u>263,221</u>	<u>328,640</u>
	=====	=====

5. An Coiste um Chur Chun Cinn Fiontraíochta

Tá an Coiste um Chur Chun Cinn Fiontraíochta freagrach as na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar a riar agus as poiblíocht agus fógraíocht a dhéanamh ar son na mBord Fiontar Contae. Maoinítear na gníomhaíochtaí trí ranníocaíochtaí ó na Boird Fiontar Contae agus Cathrach agus ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Is é Comhlachas na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a shocraíonn an leibhéal ranníocaíochta a dhéanfaidh na Boird Fiontar Contae agus Cathrach gach bliain. Cuireann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maoiniú ar fáil do thionscadail ach plé agus measúnú a dhéanamh ar gach tionscadal. Seo mar a leanas fáiltais agus caiteachas don bhliain 2012:

	2012	2011
	€	€
Iarmhéid ar 1 Eanáir a aistríodh ó BFC Cheatharlach Fáltais	70,323	108,738
Boird Fiontar	45,938	-
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	-	-
	<u>116,261</u>	<u>108,738</u>
Méideanna a cuireadh i bhfeidhm	(47,300)	(38,415)
	<u>68,961</u>	<u>70,323</u>
	=====	=====

Tugtar figiúirí comparáideacha chun críocha faisnéise amháin.

Aistríodh freagracht as riarachán na scéime ó Bhord Fiontar Contae Cheatharlach go Bord Fiontar Contae Chill Mhantáin ar 1 Eanáir 2012. Beidh an Coiste um Chur Chun Cinn Fiontraíochta fós á riar ag BFC Chill Mhantáin ó 1 Eanáir 2013 ar aghaidh.



BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

6. Costais Riaracháin	2012	2011
	€	€
Tuarastail	282,938	277,445
Oiliúint Foirne	4,137	5,232
Costais Taistil	8,940	7,453
Cóiríocht	30,000	30,000
Teileafón	4,701	5,339
Stáiseanóireacht	7,111	3,357
Costais Ríomhaire	4,088	4,989
Fáilteachas & siamsaíocht don Bhord/fhoireann*	3,912	3,655
Costais oifige	34,704	39,943
Táillí Iniúchóireachta	6,580	6,392
Árachas	2,115	2,271
Dímheas	5,009	5,725
	<u>394,235</u>	<u>391,801</u>
	=====	=====

- Tabháiódh caiteachas €1,223 (2011 - €1,228) ar bhronntanais agus ar dhuaiséanna maidir le lucht comórtais, ranníocóirí agus baill gan íocaíocht.

14. Sócmhainní Seasta

Costas/Luacháil	Trealamh Oifige	Troscán Oifige	Iomlán
	€	€	€
Iarmhéid ar 1 Eanáir 2012	71,938	22,092	94,030
Breiseanna	1,378	-	1,378
Diúscairt	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>-</u>
Iarmhéid ar 31 Nollaig 2012	<u>73,316</u>	<u>22,092</u>	<u>95,408</u>
Dímheas Carntha			
Iarmhéid ar 1 Eanáir 2012	62,775	17,109	79,884
Muirear don bhliain	3,522	1,487	5,009
Diúscairt	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>-</u>
Dímheas Carntha	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>-</u>
Iarmhéid ar 31 Nollaig 2012	<u>66,297</u>	<u>18,596</u>	<u>84,893</u>
Leabharluach glan			
Ar 31 Nollaig 2012	<u>7,019</u>	<u>3,496</u>	<u>10,515</u>
	=====	=====	=====
Ar 31 Nollaig 2011	<u>9,163</u>	<u>4,983</u>	<u>14,146</u>
	=====	=====	=====



BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

8. Cuntas Caipitil

	2012		2011
	€	€	€
Iarmhéid ar 1 Eanáir		14,146	12,646
Aistriú (ó)/go dtí			
Ioncam & Caiteachas			
Cuntas			
Cistí a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a fháil	1,378		7,225
An méid a amúchadh de réir dímheas sócmhainní	(5,009)		(5,725)
	<u>(3,631)</u>		<u>1,500</u>
Iarmhéid ar 31 Nollaig	<u>10,515</u>		<u>14,146</u>

9. Cánachas

Ní dhearnadh aon fhoráil do chánachas sna ráitis airgeadais.

10. Fostaithe agus Luach Saothair

Bhí cúigear ball foirne, ar an meán, fostaithe le linn na bliana agus iad uile ar conradh.

B'ionann costais iomlána luach saothair an Bhoird agus €282,938, méid a muirearaíodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar seo a leanas:

Riarachán	€ 282,938 <u>=====</u>
-----------	------------------------------

Asbhaineadh tobhach pinsin dar luach €31,043 ón bhfoireann agus íocadh é le Fiontraíocht Éireann.

11. Baill an Bhoird - Nochtadh Idirbheart

Ghlac an Bord nósanna imeachta maidir le nochtadh sainleasanna de chuid bhaill an Bhoird, de réir threoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.



**BORD FIONTAR CONTAE CHILL MHANTÁIN TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012**

12. Aoisliúntas

Tá na fostaithe uile, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin san áireamh, ina mbaill de scéim sochar sainithe neamhchistithe don earnáil phoiblí; níl de theidlíocht phinsin acu ach na teidlíochtaí caighdeánacha atá ar fáil faoina leithéid de scéim.

13. Dliteanas Teagmhasach

Chuir an Bord cúnaimh airgeadais ar fáil cúpla uair trí infheistíochtaí a dhéanamh i Scaireanna Tosaíochta Carnacha Infhuascailte. Fuair an Bord €110,752 as fuascailt chuid de na scaireanna sin. Tá dliteanais theagmhasacha ag an mBord i ndáil leis na hinfeistíochtaí sin toisc gur féidir gur fuascail cuideachtaí scaireanna nuair nach raibh dóthain brabúis indáilte le déanamh astu. I gcásanna mar sin, féadfaidh dualgas a bheith ar an mBord an t-airgead a fuair sé ó na fuascailtí sin a aisíoc.

14. Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Ba é €91,267 luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin le linn na bliana atá faoi thuairisc agus tá sé sin de réir an scála fhaofa. Níor íocadh aon bhónas leis an POF i mbliana.

15. Costais an Bhoird

Níor íocadh aon táillí ná luach saothair leis na Stiúrthóirí le linn 2012. Íocadh costais taistil ar luach €317 leis an Uasal E Sheehy sa bhliain atá faoi thuairisc.

16. Áitribh

Tá cóiríocht oifige ar cíos ag Bord Fiontar Contae Chill Mhantáin ó Chomhairle Contae Chill Mhantáin ar ráta €30,000 in aghaidh na bliana.

17. Gnóthas Leantach

D'fhógair an rialtas i bhFeabhra 2012 go bhfuil sé i gceist acu na Boird Fiontar Contae a dhíscaoileadh agus Aonad nua Micreafhiontar agus Gnólachtaí Beaga a chruthú mar chuid d'Fhiontraíocht Éireann a oibreoidh leis na húdaráis áitiúla chun líonra nua oifigí fiontraíochta áitiúla a chruthú i ngach údaráis áitiúil. Glacann an Bord leis go leanfaidh na hoifigí nua fiontraíochta áitiúla de na gníomhaíochtaí uile atá ar siúl acu faoi láthair agus gur dócha go n-aistrefar a chuid sócmhainní agus dliteanas go dtí Fiontraíocht Éireann. I bhfianaise na gcúinsí sin, ní chreideann an Bord gur gá aon choigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais mar léiriú ar aon athstruchtúrú a d'fhéadfaí a dhéanamh. D'ullmhaigh an Bord na cuntais seo ar bhonn gnóthais leantaigh dá bharr.

18. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais ar 27^ú Feabhra 2013.